

<b>Preasráiteas</b>	<b>Tuilleadh eolais:</b>	*Leagan Béarla ar lch. 3
Press Release	<a href="mailto:gaeilgeiorrais@gmail.com">gaeilgeiorrais@gmail.com</a>	English summary on pg 3.
16.09.2024	<b>097-29023</b>	

## **`Clár sa Charr' – sraith #2 le craoladh ar Midwest Radio le tacaíocht ó Ghaeilge Iorrais**

Cuirfear tús leis an dara sraith de `Chlár sa Charr' ar Midwest Radio i gcomhar le Gaeilge Iorrais Dé Máirt 24 Meán Fómhair ag 7.40rn. Is éard atá sa chlár seo ná sraith sheachtainiúil ina mbeidh tuismitheoir agus páiste bunscoile ag comhrá faoi ghnáthshaoil an teaghlaigh agus ábhar cosúil leis an scoil, cúrsaí spóirt, féilte, laethanta saoire agus mar sin de á phle eatarthu. Mairfidh na míreanna seo timpeall 2.5 nóiméad ar fhad. Craolfar an chéad chuid den chomhrá maidin Dé Máirt agus ansin an dara leath maidin Dhéardaoin. Cuirfear i láthair iad mar ghnáth-chomhrá idir tuismitheoir agus páiste sa charr agus iad ar a mbealach chun na scoile ar maidin. Beidh an comhrá bunaithe ar théama difriúil chuile sheachtain. Mar shampla, sa chéad chlár beidh `tuismitheoir' agus `páiste' ag comhrá faoi thús na scoilbhliana úire. Sa dara clár beidh siad ag caint faoin saol ar an bhfeirm, an comórtas treabhdóireachta agus mar sin de. Craolfar `Clár sa Charr' faoi dhó sa tseachtain gach maidin Dé Máirt agus Déardaoin mar chuid den *Breakfast Show* ag tosú Dé Máirt seo chugainn 24 Meán Fómhair 2024 ag 7.40rn agus ag leanacht ar aghaidh chuile sheachtain ar feadh 15 seachtaine go dtí Eanáir 2025.

Tá an clár seo dírithe orthu siúd ar mhaith leofa a stór focal i nGaeilge a fhorbairt nó a thabhairt chun cuimhne, cur lena scileanna éisteachta i nGaeilge agus dírithe ach go háirithe ar thuismitheoirí agus ar pháistí bunscoile. Mar sin féin, ba chóir go mbeadh rud sa chlár seo don mhóramh. Beidh foclóir ag dul le chuile chlár. Míneofar an foclóir ag tús an phíosa, úsáidfeadh é le linn an chomhrá agus tabharfar achoimre de arís ag deireadh an chomhrá.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.



Cuirfidh Glór na nGael bileoga tacaíochta ar fáil go seachtainiúil le cur ar chumas na n-éisteoirí leanúint leis an gcomhrá iad féin sa mbaile. San áireamh ar na hacmhainní seo, beidh focail agus frásaí ar leith a bhaineann le gach téama seachtainiúil.

Tá áthas ar Ghaeilge Iorrais a bheith ag tacú le Midwest Radio leis an tionscnamh nuálach seo i nGaeilge. Ba mhaith le Gaeilge Iorrais buíochas ó chroí a ghabháil le chuile dhuine atá nó a bheidh páirteach sa chlár seo, go háirithe páistí áitiúla, a dtuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí i scoileanna Gaeltachta Iorrais (Eachléim, Dumha Thuama, Corrchloch agus Ceathrú Thaidhg). Mhínigh Laoise Ní Dhúda, oifigeach pleanála teanga le Gaeilge Iorrais, an tábhacht agus an tairbhe a bhaineann leis an gclár nua seo go háitiúil agus i gcomhthéacs níos leithne;

Tá ríméad orainn go bhfuil an oiread sin páistí inár gceantar Gaeltachta ar bís agus díograiseach maidir le páirt a ghlacadh sa tionscnamh iontach seo. Ag coinneáil ar intinn chomh tábhachtach is atá an Ghaeilge inár scoileanna agus inár gceantar Gaeltachta, is deis iontach í seo do na páistí a gcumas Gaeilge a chur i láthair agus a ngrá agus paisean don Ghaeilge a roinnt le lucht éisteachta Midwest Radio. Míle buíochas le Midwest as an tsraith seo a thabhairt ar ais.

Buíochas speisialta agus moladh mór arís do na páistí, a gcuid tuismitheoirí agus a gcuid múinteoirí.

Mar sin, bígí ag éisteacht le muintir Iorrais ar Midwest Radio chuile mhaidin Dé Máirt agus Déardaoin @ 7.40r.n. as seo amach. Tá muid cinnte go mbeidh ionadh oraibh faoin méid Gaeilge a thioctaidh ar ais chugaibh agus sibh ag éisteacht linn.

## **Nóta**

Cuirfidh Midwest Radio podchraoltaí 'Clár sa Charr' ar fáil. Cuirfidh Glór na nGael na bileoga tacaíochta ar fáil. Roinnfidh Gaeilge Iorrais naisc chuig na hacmhainní seo ar na meáin shóisialta nuair a bheidh fáil orthu.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.



## **'Clár sa Charr' Irish language series returns to Midwest Radio with the support of Gaeilge Iorrais**

The second series of the hugely successful 'Clár sa Charr' Irish language insert will begin on Midwest Radio next Tuesday 24th September at approximately 7.40am. This production consists of a series of 'chats in the car' featuring a parent and child of primary school going age chatting about everyday topics of conversation such as school, sport, festivals, holidays, home, family life and so on. 'Clár sa Charr' will be broadcast twice a week, the first half of the conversation will be aired on a Tuesday morning and the second half of the conversation will continue on Thursday morning. These segments will run for about 2.5 minutes each. Based around a set theme each week, the *comhrá* or conversation will unfold as a regular chat between a parent and child while on the school run in the car – a *comhrá sa charr*. For example, in the first programme the 'parent' and 'child' will be speaking about the return to school. Living on a farm will be discussed during the second programme, as well as the National Ploughing Championships. *Clár sa Charr* will air twice a week on Tuesday and Thursday mornings as part of the Breakfast Show starting on Tuesday 24th September 2024 @ 7.40am and will continue each week for 15 weeks until January 2025.

The series is geared towards those who would like to brush up on Irish language vocabulary, refamiliarise with Irish listening skills and is mostly aimed at parents and primary school children but should be accessible for most. Each individual programme will include key vocabulary which will be explained at the start of the piece, used during the conversation and then summarised again at the end of the *comhrá*.

Glór na nGael will provide weekly follow-on material to enable listeners to continue with the conversation themselves. These resources will include specific words and phrases associated with each weekly topic.

· Gaeilge Iorrais · f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile · An Eachléim · Co. Mhaigh Eo ·

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.



Gaeilge Iorrais is delighted to be collaborating with Midwest Radio on this innovative Irish language initiative. Gaeilge Iorrais would like to sincerely thank and praise all participants in this programme, in particular local children, their parents and teachers from Gaeltacht schools in Erris (Eachléim, Dumha Thuama, Corrchloch and Ceathrú Thaidhg).

Laoise Ní Dhúda, language planning officer with Gaeilge Iorrais, explained the importance of this project locally and further afield;

We are truly heartened that so many children in our Gaeltacht area are excited and enthusiastic about taking part in this great project. Given the importance of the Irish language in our Gaeltacht schools and community, this is a wonderful opportunity for the children to showcase their Irish language ability and share their *grá* and passion for the Irish language with Midwest Radio audience. Massive *míle buíochas* to Midwest Radio for making this happen. *Buíochas speisialta eile* to all participating children, their parents and teachers. *Maith sibh!*

Tune in to *muintir Iorrais* on Midwest Radio every Tuesday and Thursday morning @ 7.40am approx from now on. We assure you that you'll be surprised at all the Irish you'll remember and be able to use.

#### **Note**

- Midwest Radio will share a recording of each 'Clár sa Charr' on a playlist as part of their podcast. Glór na nGael will provide support sheets and follow-on material. Gaeilge Iorrais will share relevant links to these resources on social media when they are available.

• Gaeilge Iorrais • f/ch Chomharchumann Ionad Deirbhile • An Eachléim • Co. Mhaigh Eo •

Tá Gaeilge Iorrais maoinithe ag Údarás na Gaeltachta ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin bpróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht.